Ionad Oideachais Mhaigh Eo
Bóthar Chathair na Mart,
Caisleán a' Bharraigh
Fón: 094 9020700
Fax: 094 9020720
Email: eolas@mayoeducationcentre.ie

Lá Iomlán Inseirbhíse

Seimineár lae (trí mheán na Gaeilge) maidir le Cosaint Leanaí arna reáchtáil ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Tag: Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileana agus In Iar-bhunscoileanna

13ú Eanáir 2012

A Phríomhoide, a chara,

D'eisigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ***Children First, National Guidance for the Protection and Welfare of Children, 2011*** i mí Iúil 2011. I mí Mheán Fómhair 2011, d'eisigh an ROS leagan leasaithe de ***Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileana agus In Iar-bhunscoileanna***, de bhreis ar Imlitir 0065/2011 a leag amach riachtanais maidir le Cosaint Leanaí do scoileanna.

Reáchtálfaidh SFGM seimineár lae trí mheán na Gaeilge in Ionad Oideachais Mhaigh Eo, maidir le Cosaint Leanaí má bhíonn cúigear déag ag lorg seo, ar an Aoine 24ú Feabhra 2012.

Seimineár Lae maidir le Cosaint Leanaí – Ionad Oideachais Mhaigh Eo Seimineár trí mheán an Ghaeilge	
Dáta:	An Aoine 24ú Feabhra 2012
Ionad:	Ionad Oideachais Mhaigh Eo
Am:	9.15am – 3.15pm

Theagmhálaithe Ainmnithe/Leas-Teagmhálaithe Ainmnithe i nGaelscoileanna agus i Scoileanna Gaeltachta (arna gceapadh ó 2009 i leith) atá in ann freastal ar na himeachtaí seo. Tabharfar eolas chun dáta sa seimineár seo maidir le leaganacha leasaithe *Children First* agus nósanna imeachta an ROS. Tá an spás teoranta agus mar sin is **do Theagmhálaithe Ainmnithe (nó Leas-TAanna) amháin, ar ceapadh iad ó 2009 i leith,** an seimineár seo. Tá an seimineár maoinithe ag Rannóg Teagaisc Múinteoirí an ROS agus cuirfear clúdach ionadaíochta ar fáil má fhreastalaíonn **Teagmhálaithe Ainmnithe (nó Leas-Teagmhálaithe) a ceapadh ó 2009 i leith.** Tá an socrú ionadaíochta faoi réir athbhreithnithe, agus **moltar clárú luath** dá bharr.

Beidh ábhar an tseimineáir lae bunaithe ar cháipéisí an ROS maidir le Cosaint Leanaí agus cuimseofar eolas tábhachtach agus riachtanais leasaithe iontu do scoileanna sa réimse a bhaineann le Cosaint Leanaí. Molaimid do gach TA ar ceapadh é/í ó 2009 i leith freastal air. Sa chás nach bhfuil TA nua-cheaptha in ann freastal, féadfaidh an Leas-TA nua-cheaptha (ón mbliain 2009) freastal ina (h)áit. Tá sonraí an tseimineáir (trí mheán na Gaeilge) ar fáil anseo. Ba chóir áirithint a dhéanamh tríd an Ionad Oideachais áit a mbeidh an seimineár ar siúl a mbeadh suim ag an TA/Leas-TA ann.

Reáchtálfaidh SFGM seimineár lae trí mheán an Bhéarla maidir le Cosaint Leanaí i d'Ionad Oideachais Mhaigh Eo. Beidh clúdach ionadaíochta ar fáil don seimineár seo, mar atá sonraithe thuas, agus tá an seimineár seo oscailte do TAanna/Leas-TAanna a ceapadh ó 2009 i leith – níor chóir don TA/Leas-TA ach freastal ar sheimineár amháin: trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla.

Tá cead ag múinteoirí freastal ar lá Béarla más mian ach sin a leiriú ar an bhfoirm

Seo a leanas sonraí an tseimineáir (trí Bhéarla):

Seimineár Lae maidir le Cosaint Leanaí – Ionad Oideachais Mhaigh Eo Seimineár trí mheán an Bhéarla	
Dáta:	An Chéadaoin 22ú Feabhra 2012
Ionad:	Ionad Oideachais Mhaigh Eo
Am:	9.15am – 3.15pm

Ní mór do rannpháirtithe na gceardlann cóip na scoile de *Children First National Guidance 2011* (seolta chuig scoileanna i mí Mheán Fómhair 2011) agus *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* a bhreith leo – an dara cáipéis seo ar fáil ar líne ag http://www.education.ie/servlet/blobservlet/cp_procedures_primary_post_primary_2011.pdf

Íocfar liúntas taistil de €0.1692 sa km le múinteoirí a bhfuil an t-aistear iomlán chuig agus ón ionad níos faide ná 32km óna mbaile nó ón scoil, cibé acu is cóngaraí don ionad. Tá foirmeacha áirithinte faoi iamh leis an gcomhfhreagras seo – cinntigh go gcomhlánaítear an fhoirm áirithinte cheart agus seol ar ais chuig an Ionad Oideachais ina mbeidh an seimineár ar siúl, **roimh An Aoine 3ú Feabhra** an seimineár, ionas gur féidir d'áit a chur in áirithe ar ceachtar seimineár (trí Bhéarla nó trí Ghaeilge)

Tabhair faoi deara – níl an seimineár lae ar fáil ach do TAanna (nó Leas-TAanna) a ceapadh ó 2009 i leith.

Is mise le meas,

Patricia Shanahan
Comhordaitheoir

Art Ó Súilleabháin
Stiúrthóir, Ionad Oideachais Mhaigh Eo